Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# TEASTAS SÓISEARACH 2012

# AN SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# BONNLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. **1.** Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gcomhdháil mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gcomhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2.** Ní mór don scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin chomhréire agus ghramadaí a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3.** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gcomhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4.** Ní ceart don scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5.** Dírítear aird an scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **6** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT (40marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

## Treoracha

**1.** Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra**.**

**2.** Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir **amháin** a roghnú i ngach cás.

**3.** Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

40

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

**Ceist 1., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5.**, **Ceist 6.:** (**a**) *agus* (**b**) an ceann, = (4 + 3) x 5 = **35 mharc**

**Ceist 2.** tá pointe **amháin** eolais á lorg: = **5 mharc**

Iomlán do Roinn I (C.T.) = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

30

### Ceist 1. (30 marc)

= 5 mharc x 6 **= 30**

Iomlán do **Cheist 1**. **= 30 marc**

40

### Ceist 2. (40 marc)

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 2., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5**. = 7 marc x 5 = **35 marc**
- **Ceist 6**.: tá **dhá** phointe eolais á lorg: = 3 + 2 = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 2**. = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

50

### Ceist 3. (50 marc)

**(a)** **C.1.**(15) + **C.2**.(5) + **C.3**.(5) = **25 mharc**
**(b)** **C.1.**(15) + **C.2**.(5) + **C.3**.(5) = **25 mharc**

Iomlán do **Cheist 3**. = (**a**) 25 + (**b**) 25 = **50 marc**

# ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

25

## Ceist 4. (25 mharc)

**An Tasc –** Cárta Poist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

1. **Leagan Amach:** **= 8 marc**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

2. **Tagairtí:** **4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

3. **Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

4. **Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**

25

## Ceist 5. (25 mharc)

**An Tasc –**Teachtaireacht / cuireadh ríomhphoist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

1. **Freagra a scríobh ar chuireadh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil freagra ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

2. **An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

3. **Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**

4. **Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

30

## Ceist 6. (30 marc) (a) *nó* (b):

(a) **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

1. **Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**
2. **Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**
3. **Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**

*NÓ*

(b) **An Tasc** – Foirm Iarratais a chomhlánú

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

1. **An t-Eolas Cuí** (7 x 2 mharc) **=** 14 + (11 x 1 mharc) **= 25 mharc**
2. **Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6 (b)** = **30 marc**

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1. Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. **Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sa chás seo**.

2. Iarrthóirí a **d'úsáid :** scríobhaí; téipthaifeadán; próiseálaí focal; ríomhaire. **Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna sin**.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar '**drochlitriú'** ná 'ar **easpa cruinneas gramadaí'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhtuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta** faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimnithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimnithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa di/dó:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6.**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

**1 → 2**; **2 / 3 → 4**; **4 / 5→ 5**.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach**, taobh **amuigh.**

# Aguisín

**S.5 2012**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ 

**Móriomlán na Marcanna** 240

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – MAIDIN 11.45 go dtí 1.45**

**STAMPA AN IONAID**

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | 200 |
| **Nóta**: ☞<br>Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I CLUASTUISCINT**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| **MARC** | 7 | 5 | 7 | 7 | 7 | 7 |

☞

| **DON SCRÚDAITHEOIR** | | |
|---|---|---|
| | **CEIST** | **MARC** |
| **ROINN II** | **1** | 30 |
| | **2** | 40 |
| | **3** | 50 |
| **ROINN III** | **4** | 25 |
| | **5** | 25 |
| | **6** | 30 |
| | IOMLÁN ☞ | 200 |
| | CLUASTUISCINT ☞ | 40 |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | 240 |
| | GRÁD ☞ | A |

**Thall ➔**

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1**.

**An Téacs**

*Is mise Saoirse. Rugadh mé i mBaile Átha Cliath ach* ***tá mé i mo chónai i nGaillimh anois****. Tá mé ann ó bhí mé dhá bhliain d'aois.* ***Tá beirt deartháireacha*** *agus triúr deirfiúracha* ***agam****. Is mise an duine is óige sa chlann. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Imríonn mé peil ghaelach agus cispheil.*

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Saoirse ina cónaí anois?










| Baile Átha Cliath | Corcaigh | Béal Feirste | Gaillimh | |
|---|---|---|---|---|
| | | | √ | **4 mharc** |

**Ceist 1 (b)** Cé mhéad deartháir atá aici?

| | |
|---|---|
| Triúr | |
| **Beirt** | √ |
| Cúigear | |

**3 mharc**

**Ceist 2.**

**An Téacs**


**Fear:** *Gabh mo leithscéal,* ***cá bhfuil siopa an phoitigéara****?*
**Bean**: *Téigh síos Sráid an Táilliúra. Téigh chomh fada le hOllmhargadh Uí Chuinn. Cas ar chlé nuair a théann tú thar an ollmhargadh. Feicfidh tú siopa an phoitigéara os do chomhair amach ansin.*
**Fear**: *Go raibh míle maith agat.*
Bean: *Tá fáilte romhat.*

**Ceist 2** Cá bhfuil an fear ag dul?










| Siopa Poitigéara | Siopa Grósaera | Siopa Éadaí | Plandaí & Bláthanna | |
|---|---|---|---|---|
| √ | | | | **5 mharc** |


**Ceist 3.**


**An Téac**

*Agus anois an aimsir. Beidh an chuid eile den oíche anocht go deas.* ***Beidh sé fliuch maidin amárach****. Ach glanfaidh an spéir d'réir a chéile agus* ***beidh an tráthnóna grianmhar.*** *Beidh an teocht is airde thart ar deich gcéim Celsius. Go raibh oíche mhaith agus codladh sámh agaibh.*

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann maidin amárach? **4 mharc**







| | | |
|---|---|---|
| √ | | |

**Ceist 3 (b)** Cén sórt aimsire a bheidh ann tráthnóna amárach? **3 mharc**

| | |
|---|---|
| **Grianmhar** | √ |
| Fliuch | |
| Gaofar | |

**Ceist 4.**

**An Téacs**

*Dé hAoine seo caite, bhí comórtas ceoil agus amhránaíochta ar siúl i halla na scoile. Ghlac a lán daltaí páirt sa chomórtas. Bhí idir bhuachaillí agus chailíní ann. Thosaigh an comórtas ar a hocht a chlog. Bhí sos beag ann. Le linn an tsosa dhíol tuismitheoirí ticéid don chrannchur. Chabhraigh na múinteoirí ceoil leis na daltaí a bhí ag glacadh páirte sa chomórtas.*

**Ceist 4 (a)** Cad a bhí ar siúl i halla na scoile? **4 mharc**










| | | |
|---|---|---|
| | | √ |

**Ceist 4 (b)** Cé a dhíol na ticéid ag an sos? **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Múinteoirí | |
| Daltaí | |
| Tuismitheoirí | √ |

**Ceist 5.**

**An Téacs**

**Máire:** *Haigh, a Phóil.*
**Pól**: *Haigh, a Mháire. An bhfuair tú do thicéad fós*?
**Máire**: *Cén ticéad atá i gceist agat*? *Bhí mise* ***i gCorcaigh*** *le déanaí. Bhí m'aintín tinn.*
**Pól**: *An ticéad don cheolchoirm*
**Máire**: *Ceolchoirm! Níor chuala mise aon rud faoi cheolchoirm, a Phóil.*
**Pól**: *Beidh* ***One Direction*** *ag teacht go Baile Átha Cliath i mí Iúil, a Mháire*?
**Máire**: *An bhfuil a fhios agat* ***cé mhéad atá ar na ticéid***?
**Pól**: ***Seasca euro*** *an ceann. An mbeidh tú ag dul ann*?
**Máire:** *Níl a fhios agam. Ní raibh mo thuismitheoirí róshásta leis na torthaí a fuair mé sna scrúdaithe.*
**Pól**: *Déan do dhícheall don chéad scrúdú eile, agus ansin iarr cead orthu.*
**Máire:** *Tá an ceart ar fad agat, a Phóil. Éist! Cloisim an clog ag bualadh. Feicfidh mé tú ag am lóin.*

**Ceist 5 (a)** Cá raibh Máire le déanaí? **4 mharc**

| | |
|---|---|
| **I gCorcaigh** | √ |
| I Sligeach | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**Ceist 5 (b)** Cé mhéad atá ar thicéad don cheolchoirm? **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Fiche euro | |
| **Seasca euro** | √ |
| Caoga euro | |

**Ceist 6.**

**An Téacs**

**Breandán**: *Haigh, a Shíle,*
**Síle**: *Haigh, a Bhreandáin, conas atá tú*?
**Breandán**: Ar fheabhas. Cén fáth?
**Síle**: *Bhuel, bhí tú chun glaoch orm aréir agus níor ghlaoigh tú. Cén fáth?*
**Breandán**: *Ar mo shlí abhaile ón scoil thit an fón póca bhí agam isteach i bpoll uisce.* ***Bhí an fón póca scriosta***.
**Síle**: *Agus cad é sin i do lámh anois*?
**Breandán**: *Ó! Cheannaigh mé fón nua.*
**Síle**: *Tá sé go hálainn. Cé mhéad a thug tú air*?
**Breandán**: *Nócha euro. Is féidir dul ar an idirlíon air.*
**Síle**: *Iontach*!
**Breandán**: ***Beidh cairde nua agam ar Facebook freisin. Tá deichniúr agam cheana féin.***
**Síle**: *Deichniúr! Cé hiad*?
**Breandán**: *O! Duine anseo is ansiúd.*
**Síle**: *Aidh! Tuigim*!
**Breandán**: *Féach an t-am! Caithfidh mé imeacht.*
**Síle**: *Déan teagmháil liom.*
**Breandán**: *Cinnte, a Shíle, beidh mé ar Facebook anocht.*

**Ceist 6 (a)** Cén fáth nár ghlaoigh Breandán ar Shíle? **4 mharc**

| | |
|---|---|
| Bhí sé breoite | |
| **Bhí a fhón póca scriosta** | √ |
| Rinne sé dearmad air | |

**Ceist 6 (b)** Cé mhéad cara nua atá ag Breandán ar *Facebook*? **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Nócha | |
| Triúr | |
| **Deichniúr** | √ |

## Iomlán do Chuid I

(Cuirtear na marcann do Cheisteanna 1- 6 agus an t-iomlán do Roinn I (C.T.) sna ghreillí ar an gclúdach)

**Roinn I =C.T** = <u>40 marc</u>

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

30

(a) Aerfort dúnta de bharr sneachta.
(b) Tiomáin go mall. Ceamaraí luais i bhfeidhm.
(c) Beidh cluiche iomána ar siúl i bPáirc an Chrócaigh.
(d) Tharla timpiste taobh amuigh den scoil inné.
(e) Bhuaigh Síle an comórtas amhránaíochta.
(f) Aire! Páistí ag súgradh.




**5 mharc**

***Tharla timpiste taobh amuigh den scoil inné*.**



**5 mharc**

***Bhuaigh Síle an comórtas amhránaíochta.***




**5 mharc**

***Aire! Páistí ag súgradh.***



**5 mharc**

***Aerfort dúnta de bharr sneachta***




**5 mharc**

***Tiomáin go mall.Ceamaraí luais i bhfeidhm.***




**5 mharc**

***Beidh cluiche iomána ar siúl i bPáirc an Chrócaigh.***

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 30 |
|---|---|

**C.1 =** 30 marc

**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

40

# Club Óige na Mara Gaillimh

**Turas Lae go Baile Átha Cliath Dé hAoine, 20 Iúil 2012**

| | |
|---|---|
| 8.00 a.m. | Teacht le chéile ag an gclubtheach |
| 8.15 a.m. | Bus go dtí an stáisiún traenach |
| 8.30 a.m. | Traein go Baile Átha Cliath |
| 10.30 a.m. | Turas ar an Dart go dtí an RDS |
| 11.00 a.m. | Cuairt ar an taispeántas *Tutankhamun* |
| 12.45 p.m. | Lón in óstán áitiúil |
| 1.00 p.m. | Turas ar an mbus go Lárionad Baile Dhún Droma |
| 1.30 p.m. | Siopadóireacht i Lárionad Baile Dhún Droma |
| 4.30 p.m. | Turas ar an Luas go Faiche Stiabhna |
| 5.15 p.m. | Béile éadrom i mbialann i lár na cathrach |
| 6.00 p.m. | Traein abhaile go Gaillimh. |

Ticéid €20, ar fáil ó Rúnaí an chlub.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Club Óige na Mara?

| | |
|---|---|
| I nGaillimh | √ |
| I mBaile Átha Cliath | |
| I nDún Droma | |

**7**

**2.** Cá rachaidh siad ar an Dart?

| | |
|---|---|
| Go Lárionad Baile Dhún Droma | |
| Go dtí an RDS | √ |
| Go dtí Faiche Stiabhna | |

**7**

**3.** Cá mbeidh an lón acu?

| | |
|---|---|
| Sa chlubtheach | |
| In óstán áitiúil | √ |
| I nGaillimh | |

**7**

**4.** Cén t-am a thosóidh siad ag siopadóireacht ?

| | |
|---|---|
| 10.30 a.m. | |
| 1.30 p.m. | √ |
| 1.45 p.m. | |

**7**

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €5.00 | |
| €10.00 | |
| €20.00 | √ |

**7**

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis 4.30 p.m**.

√*Turas ar an Luas go Faiche Stiabhna* **3**

√*Béile éadrom i mbialann i lár na cathrach* ***2***

(√*Traein abhaile go Gaillimh.*)

**C. 2 =** <u>40 marc</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>**Iomlán reatha→** | 30 + 40 | = | 70 |

**CEIST 3**. Freagair (a) *agus* (b). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

**(a)** **(25 mharc)**

50

# Cluichí Oilimpeacha 2012

**An chéad uair a bhí na Cluichí Oilimpeacha ann in 1896, bhí siad sa Ghréig.** Anois bíonn siad ar siúl gach ceithre bliana. An samhradh seo beidh siad ar siúl i Londain. Bhí a lán cathracha eile ag iarraidh na cluichí a fháil – Nua-Eabhrac, Maidrid, Moscó agus Páras.

Tosóidh Cluichí Oilimpeacha 2012 ar 27 Iúil agus críochnóidh siad ar 12 Lúnasa. Tiocfaidh 10,000 lúthchleasaí as 200 tír chun páirt a ghlacadh sna cluichí. Beidh fir agus mná ann. Beidh siad go léir ag lorg duaiseanna agus bonn.

Tá bratach speisialta ag na Cluichí Oilimpeacha. Bratach bán atá ann agus cúig chiorcal dhaite air. Seasann na ciorcail do chúig mhór-roinn an domhain.

Beidh lúthchleasaithe as Éirinn páirteach sna cluichí. Tá súil againn go mbeidh an bua ag cuid acu agus go bhfaighidh siad bonn óir nó bonn airgid nó bonn cré-umha.

Londain

Cluichí Oilimpeacha 2012

**1.** Cén bhliain a raibh na Cluichí Oilimpeacha ann den chéad uair? ***(In) 1896***

***Bhí na Cluichí Oilimpeacha ann den chéad uair in 1896*** **15 mharc**

**2.** Cá mbeidh Cluichí Oilimpeacha 2012 ar siúl? **5 mharc**

| | |
|---|---|
| I Moscó | |
| I Londain | √ |
| I Nua-Eabhrac | |

**3.** Cé mhéad lúthchleasaí a ghlacfaidh páirt sna cluichí? **5 mharc**

| | |
|---|---|
| 200 | |
| 10,000 | √ |
| 2012 | |

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 70 + 50 | = | 120 |
|---|---|---|---|

**C.3 (a)=** 25 mharc

**(b)** **(25 mharc)**

# Kathryn Thomas – Láithreoir Teilifíse

Rugadh Kathryn Thomas i gCeatharlach sa bhliain 1979. Cónaíonn sí i mBaile Átha Cliath anois. Is réalta teilifíse í.

Sa bhliain 1998 thosaigh sí ag obair le RTÉ. Bhí sí ag obair mar láithreoir teilifíse. Bhí clár dá cuid féin aici. *Rapid* an t-ainm a bhí air. Clár spóirt do dhaoine óga a bhí ann. Thaitin *Rapid* le go leor daoine.

Sa bhliain 2001 thosaigh sí ag obair ar an gclár *No Frontiers*. Clár taistil a bhí ann. Chuaigh sí go dtí a lán áiteanna deasa ar fud an domhain chun an clár a dhéanamh. Bíonn sí ar an gclár *Operation Transformation* freisin.

I mbliana chuir sí an clár *The Voice of Ireland* i láthair ar RTÉ. Bhí daoine ag canadh amhrán ar an gclár. Chabhraigh amhránaithe cáiliúla leis na daoine sin chun iad a ullmhú don chomórtas teilifíse.



Kathryn Thomas

***1.*** Cén áit ar rugadh Kathryn Thomas? ***I gCeatharlach / Ceatharlach***

***Rugadh Kathryn Thomas i gCeatharlach (sa bhliain 1979).*** **15 mharc**

**2.** Cén bhliain a thosaigh sí ag obair le RTÉ?

| | |
|---|---|
| Sa bhliain 1998 | √ |
| Sa bhliain 2001 | |
| Sa bhliain 2009 | |

**5 mharc**

**3.** Cén clár ceoil a chuir sí i láthair ar RTÉ i mbliana?

| | |
|---|---|
| *No Frontiers* | |
| *The Voice of Ireland* | √ |
| *Rapid* | |

**5 mharc**


[C. 2. (b)= <u>25 mharc</u>]

| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** Féach ar an bpictiúr thíos. **(25 mharc)**

25




Is tusa duine de na déagóirí sa phictiúr thuas agus tá sibh ag freastal ar chúrsa samhraidh sa Ghaeltacht. Scríobh **cárta poist** chuig do dheartháir / do dheirfiúr ag insint dó/di faoin áit.

**An Tasc – Cárta Poist a scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**1. Leagan Amach:** = **8 marc**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**2.Tagairtí:** **4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**3. Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**4.Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**C. 4 =** 25 mharc

**CEIST 5.** Léigh an **fógra** seo. **(25 mharc)**

25



✡✡✡✡✡

Scannán Mór 2012

**WAR HORSE**

i bPictiúrlanna

**Cineplex**

Dé Sathairn

16 Meitheamh, 2012

ag 7.30 p.m.

✡✡✡✡✡

**Ticéid ar fáil ar líne ag www.cineplex.ie**

Ba mhaith leat dul go dtí an scannán **War Horse** le do chara **Nollaig**. Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuici/chuige ag tabhairt cuireadh di/dó dul go dtí an scannán leat. Is tusa **Siobhán** *nó* **Séamas**.

**An Tasc –Teachtaireacht / cuireadh ríomhphoist a scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**1.** Cuireadh a thabhairt do Nollaig dul go dtí scannán leat: **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil cuireadh tugtha chuig scannán ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

**2. An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**3. Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**

**4. Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

**C. 5 =** 25 mharc

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 145 + 25 | = | 170 |


**CEIST 6.** Freagair (a) *nó* (b). **(30 marc)**

30

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag **Seó Faisin na Scoile**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh in 'Iris na Scoile' faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr

(l




**An Tasc – Alt a scríobh**

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

1. **Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: **5 mharc x 4**) **= 20 marc**
2. **Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**
3. **Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

**C. 6 (a) =** 30 marc

***NÓ***

(**b**) Tá rothar nua agat agus ba mhaith leat a bheith sa chlub rothaíochta seo i do cheantar. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos.

**An Tasc – Foirm Iarratais a chomhlánú**

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

1. **An t-Eolas Cuí** (7 x 2 mharc) + (11 x 1 mharc) = **25 mharc**
2. **Cruinneas Gaeilge** = **5 mharc**

## CLUB ROTHAÍOCHTA NA CARRAIGE

**Foirm Iarratais**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm: ______________________________ | (**1+1**) | **2 mharc** |
| Seoladh: ______________________________ ______________________________ | (**1+1**) | **2 mharc** |
| Aois: ______________________________ | | **2 mharc** |
| Dáta Breithe: ______________________________ | | **2 mharc** |
| Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ____________________ | | **2 mharc** |
| Cá bhfuair tú do rothar? ____________________ | | **2 mharc** |
| Cén dath atá air? ____________________ | | **2 mharc** |
| Cé mhéad airgid a chosain sé? ____________________ | | **1 mharc** |
| Cén lá a théann tú ag rothaíocht? ____________________ | | **1 mharc** |
| An mbeidh tú sásta teacht go dtí an club gach Satharn? ______________ | | **1 mharc** |
| Ar thug do thuismitheoirí cead duit clárú sa chlub seo? ______________ | | **1 mharc** |
| An féidir leat bonn pollta a dheisiú? ____________________ | | **1 mharc** |
| Ar fhéach tú riamh ar an *Tour de France* ar an teilifís? ______________ | | **1 mharc** |
| Ainmnigh dhá spórt eile a thaitníonn leat? ____________________ | ( **1+1**) | **2 mharc** |
| An bhfuil sláinte mhaith agat? ____________________ | | **1 mharc** |
| **Síniú**: ______________ | | **1 mharc** |
| **Dáta**: ______________ | | **1 mharc** |

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 200 + 40 | = | 240 |
|---|---|---|---|

**C. 6 (b)** = 30 marc